

CAS AMHRÁN



Amhráin agus Dánta Ghaeilge Scoile

CAS AMHRÁN

RÉAMHRÁ

I ndilchuimhne ar Micheál Ó hEidhin

Deir a lán daoine go bhfuil aon Ghaeilge a d'fhoghlaim siad ar scoil ghlan dearmadta acu. Bíodh sin amhlaidh, is beag duine nach féidir leo cuimhneamh ar véarsa nó dhó den na hamhráin nó na dánta a mhúineadh ar scoil nó sna coláistí samhraidh nuair a chloistear iad. Mar shampla, amhráin cosúil le *"Trasna na dTonnta"* agus *"Báidín Fheidhlimí"* chomh maith le dánta cosúil le *"Mise Raifteirí"* agus *"Cill Chais"* – tá siad chomh neadaithe sin inár gcuimhne go gcruthaíonn siad nár theip ar an gcóras oideachais go huile agus go hiomlán. Thug an t-oideachasóir ceannróaíoch *Micheál Ó hEidhin*, nach maireann an teideal *"Cas Amhrán"* don leabhar amhrán a d'fhoilsigh sé do pháistí scoile i 1975. Is é *"Cas Amhrán"* an t-ainm ar an seisiún amhránaíochta agus filíochta a bhíonn ar siúl ag Fleadh Nua. Tá clú agus cáil bainte amach ag *Emer Ní Fhlatharta*, as Inis í ó dhúchas, mar amhránaí, ceoltóir agus cumadóir den scoth agus is cúis mhór ríméid dúinn go bhfuil an turas aerach meidhreach seo ar bhóithrín na smaointe tógtha ar láimh aici.

Many people say that they have forgotten whatever Irish they learned at school. Be that as it may, the number that cannot recall a verse or two of the songs or poems learned at school or at Irish College on hearing them is few indeed. Songs like *"Trasna na dTonnta"* and *"Báidín Fheidhlimí"* as well as poems like *"Mise Raifteirí"* and *"Cill Chais"* are so engraved in our memories that they prove that the efforts of our education system were not a total loss. *"Cas Amhrán"* or *"Sing a Song"* was the title bestowed by the late pioneering educator, *Micheál Ó hEidhin* on his songbook for schoolchildren which was published back in 1975. *"Cas Amhrán"* is also the name of the sing-song that takes place at Fleadh Nua.

Ennis native, Emer O'Flaherty is a renowned Singer, Musician and Composer of the first rank and it is a great source of delight that Emer will lead this light-hearted nostalgic trip back to the days of our youth.

INNÉACS

AN MAIDRÍN RUA.....	6
AN POC AR BUILE.....	7
AN TRUCAILÍN DONN	8
ANACH CUAIN	20
BÁIDÍN FHEIDHLIMÍ	9
BEAN SLÉIBHE AG CAOINEADH A MIC	13
BEIDH AONACH AMÁRACH.....	10
BLEÁN NA BÓ / AMHRÁN NA BÓ	11
BUACHAILL ÓN ÉIRNE	12
CILL CHAIS.....	14
CÚNNLA	15
DILÍN Ó DEAMHAS	16
DING DONG DEDERÓ.....	17
FÁINNE GEAL AN LAE	19
MISE RAIFTEIRÍ AN FILE.....	18
NÍL 'NA LÁ.....	21
ÓRÓ MO BHÁIDÍN.....	22
ÓRÓ, 'SÉ DO BHEATHA 'BHAILE	23
PEIGÍN LEITIR MÓIR.....	24
TRASNA NA dTONNTA	25

AN MAIDRÍN RUA

Ar ghabháil ó thuaidh dom thar Sliabh Luachra ‘gus mise ‘cur tuairisc’ mo ghéanna;
Ar mo chasadh aduaidh ‘sea fuair mé a dtuairisc go raibh maidrín ru’ á n-aoireacht!

Curfá: *An maidrín ru’, ru’, rua, rua, rua, an maidrín rua ‘tá gránna.*
An maidrín rua ‘na luí sa luachair, ‘gus barr a dhá chluais in airde.

“Good morrow fox!” “Good morrow, Sir!” “Pray what is that you’re ate-ing?”
“A fine fat goose I stole from you, and will you come and taste it?”

Curfá: *An maidrín ru’, ru’, rua, rua, rua, srl.*

“Oh no indeed, ní háil liom í, ní bhlaifead pioc di ar aon chor,
But I vow and I swear you’ll dearly pay for my fine fat goose you’re ate-ing.”

Curfá: *An maidrín ru’, ru’, rua, rua, rua, srl.*

Hark, hark, Finder, Lily agus Piper cruinnigí na gadhair lena chéile;
Hark, hark, Truman, is leisce an cú thú, is maith an cú thú, Bateman!

Curfá: *An maidrín ru’, ru’, rua, rua, rua, srl.*

Greadadh croí cráite ort, a mhaidrín ghránna, a rug uaim m’ál breá géanna,
Mo choiligh mhóra bhreátha, mo chearca ‘bhí go hálainn,
Is mo lachain bheaga ab fhearr a bhí in Éirinn!

Curfá: *An maidrín ru’, ru’, rua, rua, rua, srl.*

Tallyho, lena bhonn! Tallyho, lena bhonn! Tallyho, lena bhonn! a choileáinín;
Tallyho, lena bhonn! Tallyho lena bhonn! agus barr a dhá chluais in airde!

Curfá: *An maidrín ru’, ru’, rua, rua, rua, srl.*

AN POC AR BUILE

Ag gabháil dom siar chun Droichead Uí Mhóradha
Píc' im dhóid 's mé ag dul i mitheal
Cé 'chasfaí orm i gcumar ceoidh
Ach pocán crón is é ar buile...

Curfá: Ailliliú, puilliliú, ailliliú tá an poc ar buile!
Ailliliú, puilliliú, ailliliú tá an poc ar buile!

Do ritheamar trasna trí ruilleogach,
Is do ghluais an comhrac ar fud na moinge,
Is treascairt dá bhfuair sé sna tortóga
Is chuas 'na ainneoin ar a dhroim le fuinneamh...

Curfá: Ailliliú, puilliliú, ailliliú srl.

Níor fhág sé carraig a raibh scót ann
Ná gur rith le fórsa chun mé a mhilleadh,
'S ansin a chaith sé 'n léim ba mhó.
Le fána mhór na Faille Bríce...

Curfá: Ailliliú, puilliliú, ailliliú srl.

Bhí Garda mór i mBaile an Róistigh
Is bhailigh fórsa chun sinn a chlipeadh
Do bhuail sé rop dá adharc sa tóin air
S'dá bhríste nó do dhein sé giobail...

Curfá: Ailliliú, puilliliú, ailliliú srl.

I nDaingean Uí Chúis le haghaidh an tráthnóna
Bhí an sagart paróiste amach 'nár gcoinne
Is é 'dúirt gurbh é an diabhal ba dhóigh leis
A ghabh an treo ar phocán buile...

Curfá: Ailliliú, puilliliú, ailliliú srl.

AN TRUCAILÍN DONN

Lá aonaigh san earrach 's mé 'taisteal go triopallach,
Trasna an droichid i Muileann na hAbhann,
Sea 'chonac an "Bobby" arbh ainm dó Thingummy,
'S é ag druidim 'mo choinne go teann.

Curfá: Agus óró bog liom í, bog liom í, bog liom í,
Óró bog liom í 'n trucailín donn.
Is óró bog liom í, druid liom í, corraigh í,
Óró bog liom í 'n trucailín donn.

Ba ghairid go bhfaca mé asal is trucail bheag,
Chugainn ar sodar faoi Mhícheál an Gabha,
Siúd leis an Bobby: "This cart has no signature,
Only a lingo I cannot make out!"

Curfá: Agus óró bog liom í srl.

"Your name my good man, and answer right quickly now."
"Amharc ar an trucail, nó an bhfuileann tú dall?
Tá m'ainmse breactha i dteanga a thuigimse
Aguss fógraím thusa go hlf(i)reann lom!"

Curfá: Agus óró bog liom í srl.

"Ten shillings with costs or a fortnight's imprisonment,
Next on the list. Take this reprobate down!"
"Cuirtear faoi ghlasa mé feasta, a ghlagaire,
Pingin de m'sheilbh ní fheicfidh sibh ann."

Curfá: Agus óró bog liom í srl.

Níl trucail gan ainm bhreá lachanta "legible",
Gaeilg' le feiceáil i Muileann na hAbhann
Agus ceardaithe an bhaile sea 'thugaid ar Thingummy,
Fós ná "Trucailín Mhíchíl an Gabha".

Curfá: Agus óró bog liom í srl.

BÁIDÍN FHEIDHLIMÍ

Báidín Fheidhlimí d'imigh go Gabhla,
Báidín Fheidhlimí's Feidhlimí ann.
Báidín Fheidhlimí d'imigh go Gabhla,
Báidín Fheidhlimí's Feidhlimí ann.

Curfá: Báidín bídeach, báidín beosach,
Báidín bóidheach, báidín Fheidhlimí;
Báidín díreach, báidín deontach,
Báidín Fheidhlimí's Feidhlimí ann.

Báidín Fheidhlimí d'imigh go Toraigh,
Báidín Fheidhlimí's Feidhlimí ann.
Báidín Fheidhlimí d'imigh go Toraigh,
Báidín Fheidhlimí's Feidhlimí ann!

Curfá: Báidín bídeach srl.

Báidín Fheidhlimí briseadh i dToraigh,
Báidín Fheidhlimí's Feidhlimí ann;
Báidín Fheidhlimí briseadh i dToraigh,
Báidín Fheidhlimí's Feidhlimí ann.!

Curfá: Báidín bídeach srl.

BEIDH AONACH AMÁRACH

Beidh aonach amárach i gContae an Chláir
Beidh aonach amárach i gContae an Chláir
Beidh aonach amárach i gContae an Chláir
Cé mhaith dom é, ní bheidh mé ann?

Curfá: A mháithrín, an ligfidh tú chun aonaigh mé?
A mháithrín, an ligfidh tú chun aonaigh mé?
A mháithrín, an ligfidh tú chun aonaigh mé?
A mhuirín ó, ná héiligh é.

Níl tú a deich ná a haon déag fós
Níl tú a deich ná a haon déag fós
Níl tú a deich ná a haon déag fós
Nuair a bheidh tú trí déag beidh tú mór.

Curfá: A mháithrín, an ligfidh tú srl.

Táim-se i ngrá le gréasaí bróg.
Táim-se i ngrá le gréasaí bróg.
Táim-se i ngrá le gréasaí bróg.
Mur' bhfaigh mé é ní bheidh mé beo.

Curfá: A mháithrín, an ligfidh tú srl.

B'fhearr liom féin mo ghréasaí bróg
B'fhearr liom féin mo ghréasaí bróg
B'fhearr liom féin mo ghréasaí bróg
Ná oifigeach airm faoi lásaí óir.

Curfá: A mháithrín, an ligfidh tú srl.

BLEÁN NA BÓ / AMHRÁN NA BÓ

D'éirigh mé ar maidin
Is chuaigh mé ag bleán na bó
D'éirigh mé ar maidin
Is chuaigh mé ag bleán na bó, oh yea!
Oh - Chuaigh mé ag bleán na bó

D'éirigh mé ar maidin
Is chuaigh mé ag bleán na bó
D'éirigh mé ar maidin
Is chuaigh mé ag bleán na bó, oh yea!
Oh - Chuaigh mé ag bleán na bó-ó-ó-o--ó

Amhrán ar an sean-nós
A chasainn chuile mhaidin don bhó
Tháladh sí an bhainne
'S bhímse sásta go leor, oh yea!
Oh - Bhímse sásta go leor

Le Tomás Mac Eoin

Ansin a tháinig athrú
Athrú an-aisteach ar an mbó
Thosaigh sí ag cartadh
'S ní thálfadh sí aon bhainne níos mó, oh nó!
Ní thálfadh sí aon bhainne níos mó

Hey Rock and Roll!

Smaoinigh mé ar phlean
Go gcasainn di Rock 'n Roll
B'fhéidir nach dtaitníonn
An sean-nós léi níos mó, oh nó!
Ní thaitníonn sí léi níos mó

Ansin a tháinig athrú
Athrú an-aisteach ar an mbó
Thosaigh sí ag pramsáil
Agus tháil sí an bhainne gan stró, oh yea!
Tháil sí an bhainne gan stró

Nach iontach is nach aisteach
An rud é an Rock 'n Roll
Murach go bhfuil sé aisteach
Ní bheadh sé á dhamhsú ag bó, oh nó!
Ní bheadh sé á dhamhsú ag bó

BUACHAILL ÓN ÉIRNE

Buachaill ón Éirne mé 's bhréagfainn féin cailín deas óg
Ní iarrfainn bó spré léithe tá mé féin saibhir go leor
'S liom Corcaigh 'a mhéid é, dhá thaobh a' ghleanna 's Tír Eoghain
'S mura n-athraí mé béasaí 's mé n' t-oidhr' ar Chontae Mhaigh Eo

Rachaidh mé 'márach a dhéanamh leanna fán choill
Gan choite gan bád gan gráinnín brach' ar bith liom
Ach duilliúr na gcraobh mar éideadh leapa os mo chionn
'S óró sheacht mh'anam déag thú 's tú 'féachaint orm anall

Buachailleacht bó, mo leo, nár chleacht mise ariamh
Ach ag imirt 's ag 'ol 's le hógmhna deasa fá shliabh
Má chaill mé mo stór ní dóigh* gur chaill mé mo chiall
A's ní mó liom do phóg ná'n bhróg atá'r caitheamh le bliain

A chuisle 's a stór ná pós an seandúine liath
Ach pós a' fear óg, mo leo, mur' maire sé ach bliain
Nó beidh tú go fóill gan ó nó mac os do chionn
A shilfeadh a'n deor tráthnóna nó'r maidin go trom

BEAN SLÉIBHE AG CAOINEADH A MIC

Brón ar an mbás, 'sé dhubh mo chroíse
D'fhuadaigh mo ghrá is d'fhág mé clóite,
Gan chara, gan chompánach faoi dhíon mo thíse
Ach an léan seo im lár, is mé ag caoineadh!

Ag gabháil an tsléibhe dom tráthnóna
Do labhair an éanlaith liom go brónach,
Labhair an naosc binn 's an crotach glórach
Ag fáisnéis dom gur éag mo stórach.

Do ghlaoigh mé ort is do ghlór níor chualas,
Do ghlaoigh mé arís is freagra ní bhfuairéas,
Do phóg mé do bhéal is a Dhia narbh fhuair é!
Och! Is fuar í do leaba sa chillín uaigneach.

'S a uaigh fhódghlas ina bhfuil mo leanbh,
A uaigh chaoil bhig, ós tú a leaba,
Mo bheannacht ort 's na mílte beannacht
Ar na fódaibh glasa atá os cionn mo pheata.

Brón ar an mbás, ní féidir a shéanadh;
Leagann sé úr agus críon le chéile;
'Sa mhaicín mhánla, isé mo chéasadh
Do cholainn chaomh bheith ag déanamh creafóig'.

Le Padraig Mac Piarais

CILL CHAIS

Cad a dhéanfaimid feasta gan adhmaid?
Tá deireadh na gcoillte ar lár;
Níl trácht ar Chill Chais ná ar a teaghlach
Is ní chluinfear a cling go brách.
An áit úd 'na gcónaíodh an dea-bhean,
'fuair gradam is meidhir thar mhnáibh,
Bhíodh iarlaí ag tarraingt thar toinn ann
Is an t-Aifreann binn á rá.

Ní chluinim fuiaim lachan ná gé ann,
Ná fiolar ag éamh cois cuain,
Ná fiú na mbeacha chun saothair
Thugadh mil agus céir don slua.
Níl ceol binn milis na n-éan ann
Le hamharc an lae 'dul uainn,
Ná an chuaichín i mbarra na ngcraobh ann,
A chuireadh an saol chun suain.

Tá ceo ag titim ar chraobh ann
Nach glanann le gréin ná lá,
Tá smúit a' titim ón spéir ann
Is a cuid uisce go léir a' trá.
Níl coll, níl cuileann, níl caor ann,
Ach clocha 'gus maolchlochán,
Páirc na foraoise gan craobh ann
Is d' imigh an géim chun fáin.

Anois mar bharr ar gach míghreann,
Chuaigh prionsa na nGael thar sáil'
Anonn le hainnir na míne
Fuair gradam sa Fhrainc 's sa Spáinn.
Anois tá a cuallacht á caoineadh,
D'fhaigheadh airgead buí agus bán;
'S í nach dtógfadh seilbh na ndaoine,
'S í cara na bhfíorbhochtán.

Aicim ar Mhuire 's ar Íosa
Go dtaga sí arís chugainn slán,
Go mbeidh rincí fada 'gabháil timpeall,
Ceol fidil í's tinte cnámh;
Go dtógfar an baile seo ár sinsear
Cill Chais breá, arís go hard,
'S go brách nó go dtiocfaidh an díle
Nach bhfeicfear é 'rís ar lár.

CÚNNLA

"Cé hé siúd thíos atá a' leagan na gclaíocha?
Cé hé siúd thíos atá a' leagan na gclaíocha?
Cé hé siúd thíos atá a' leagan na gclaíocha?"
"Mise mé fhéin!" a deir Cúnnla.

Curfá: "' Chúnla, ' chroí, ná tara níos gaire dhom,
'Chúnla. 'chroí, ná tara níos gaire dhom,
'Chúnla, 'chroí, ná tara níos gaire dhom,"
"M'anam go dtiocfaidh!" a deir Cúnnla.

"Cé hé siúd thíos atá 'bualadh na fuinneoige?
Cé hé siúd thíos atá 'bualadh na fuinneoige?
Cé hé siúd thíos atá 'bualadh na fuinneoige?"
"Mise mé fhéin!" a deir Cúnnla.

Curfá: "' Chúnla, ' chroí srl.

"Cé hé siúd thíos atá a' tarraingt na pluide díom?
Cé hé siúd thíos atá a' tarraingt na pluide díom?
Cé hé siúd thíos atá a' tarraingt na pluide díom?"
"Mise mé fhéin!" a deir Cúnnla.

Curfá: "' Chúnla, ' chroí srl.

"Cé hé siúd thíos atá a' tochas mo bhonnachaí?
'Gus cé hé siúd thíos a' tochas mo bhonnachaí?
'Gus cé hé siúd thíos a' tochas mo bhonnachaí?"
"Mise mé fhéin!" a deir Cúnnla.

"S a Chúnla chroí, ná tara níos gaire dhom,
'Chúnla chroí, ná tara níos gaire dhom,
'Chúnla chroí, ná tara níos gaire dhom,"
"Maybe I shouldn't!" a deir Cúnnla.

DILÍN Ó DEAMHAS

Curfá: Dilín ó deamhas ó deamhas
Dilín ó deamhas ó dí
Dilín ó deamhas ó deamhas ó deamhas ó
Dilín ó deamhas ó dí

Cuirfead mo rún chun suain,
Cuirfead mo rún 'na luí,
Cuirfead mo rún chun suain go ciúin,
Le dilín ó deamhas ó dí.

Curfá: Dilín ó deamhas ó deamhas srl.

Is buachaill maith súiste súist'
Is buachaill maith súiste Páid,
Is buachaill maith súiste súiste súist'
Is cailín deas túirn' í Cáit.

Curfá: Dilín ó deamhas ó deamhas srl.

Is buachaill aniar aniar,
Is buachaill aniar an fear,
Is buachaill aniar aniar aniar,
'S is cailín ón sliabh a bhean.

Curfá: Dilín ó deamhas ó deamhas srl.

Caithimid suas is suas é,
Caithimid suas an páiste,
Caithimid suas is suas is suas é,
'S tiocfaidh sé 'nuas amárach.

Curfá: Dilín ó deamhas ó deamhas srl.

DING DONG DEDERÓ

Ding dong dederó, buaileam, a óga
Ding dong dederó, ar na hinneona.
Buail sin, a ghabha óig, íseal is éadrom,
Buaileam go léir é lena chéile.

Ding dong dederó, lúbam, a bhráithre,
Ding dong dederó, an crú tiubh láidir.
Buail sin, a ghabha óig, íseal is éadrom,
Buaileam go léir é lena chéile.

Ding dong dederó, casam an t-iarann,
Ding dong dederó, 'na chorrán géar cíorach.
Buail sin, a ghabha óig, íseal is éadrom,
Buaileam go léir é lena chéile.

Ding dong dederó, teannam le fórsa,
Ding dong dederó, an banda cruinn córach
Buail sin, a ghabha óig, íseal is éadrom,
Buaileam go léir é lena chéile.

MISE RAIFTEIRÍ AN FILE

Mise Raifteirí an file,
Lán dóchas is grá,
Le súile gan solas,
Le ciúineas gan chrá.

‘Dul siar ar m’aistear
Le solas mo chroí
Fann agus tuirseach
Go deireadh mo shlí.

Féach anois mé
Lem aghaidh ar Bhalla,
Ag seinm ceoil
Do phócaí falamh’.

Le Seán Ó Ceallaigh

FÁINNE GEAL AN LAE

Maidin moch do ghabhas amach
Ar bhruach Locha Léin
An Samhradh 'teacht 's an chraobh len' ais
Is ionrach te ón ngréin
Ar thaisteal dom trí bhailte poirt is bánta míne réidhe
Cé a gheobhainn le m'ais ach an chúileann deas
Le fáinne geal an lae

Ní raibh bróg ná stoca, caidhp ná clóc
Ar mo stóirín óg ón spéir
Ach folt fionn órga síos go troigh
Ag fás go barr an fhéir
Bhí calán crúite aici ina glaic
'S ar dhrúcht ba dheas a scéimh
Do rug barr gean ar Bhéineas deas
Le fáinne geal an lae

Do shuigh an bhrídeog síos le m'ais
Ar bhinse glas den fhéar
Ag magadh léi, bhíos dá maíomh go pras
Mar mhnaoi nach scarfainn léi
'S é dúirt sí liomsa, "Imigh uaim
Is scaoil ar siúl mé a réic,"
Sin iad aneas na soilse ag teacht
Le fáinne geal an lae

ANACH CUAIN

Má fháighimse sláinte is fada a bheas tráchtadh
ar an méid a báthadh ó Anach Cuain.
Mo thrua amáireach gach athair a's máthair,
ó, bean a's páiste atá ag sileadh súl.
A Rí na nGrásta a cheap neamh a's párthas,
a Dhia, cér chás dúinn beirt nó triúr,
Ach lá chomh breá leis, gan gaoth ná báisteach,
ó, lán an bháid a scuabadh ar siúl.

Nár mhór an t-ionach os comhair na ndaoine
iad a fheiceáil sínte ar chúl a gcinn
Screadach is caoineadh a scanródh daoine,
bhí gruaig dá cíoradh is an chreach dá roinnt.
Bhí buachaillí óga ann, ag tigheacht don fhómhar,
dhá síneadh ar chróchair's dhá dtabhairt go cill;
Ba é gléas a bpósta a bhí dhá dtórramh,
ach a Rí na Glóire, nár mhór an feall.

Baile Cláir a bhí in aice láime
Níor lig an t-ádhdhóibh a dhul aníos;
Bhí an bás chomh láidir, níor thug sé cairde
d'aon mhac máthar dár rugadh riamh;
Bhris an bád a's báthadh na daoine,
scaip na caoirigh anonn sa snámh,
A Dhia, nach ansin a bhí an feall mór déanta
ar aon fhear déag a's ochtar mná.

Ansiúd Dé hAoine'sea chluinfeá an caoineadh
ag teacht gach taobh dhíot a's ag greadadh bos
A's an lá thar oíche trom tuirseadh claoíte
gan ceo le déanamh ach ag síneadh corp.
A Dhia's a Chríost a d'fhulaing íobairt
a cheannaigh go fírinneach an bocht's an nocht
Go párrthas naofa go dtugair saor leat
gach créatúr díobh dhár thit faoin lot.

Loscadh sléibhe agus scalladh cléibhe
ar an áit ar éagadar is milleán crua;
Is iomaí créatúr a d'fhág sé ag géarghol,
ag gol's ag éagaoín gach maidin Luain;
Ní díobháil eolais a chuir dá dtreo iad
ach mí-ádhdh mór a bhí sa gCaisleán Nua.
Is é críochnú m'amhráin gur báthadh mórán
a d'fhág ábhar dóláis in Anach Cuain.

Le Antoine Ó Reachtabhra/Raifteirí

NÍL 'NA LÁ

Chuaigh mé 'steach i dteach aréir
Is d'iarr mé cárt ar bhean a' leanna,
'S é dúirt sí liom: "Ní bhfaighidh tú deoir!
Buail an bóthar is gabh 'n abhaile!"

Curfá: Níl 'na lá, níl, a ghrá,
Níl 'na lá ná baol ar maidin,
Níl 'na lá 's ní bheidh go fóill,
Solas ard atá sa ghealaigh.

Chuir mé féin mo lámh im' phóc'
Is d'iarr mé briseadh corón' uirthi;
'Sé dúirt sí liom: "Buail a' bord
Is bí ag ól anseo go maidin."

Curfá: Níl 'na lá srl.

Éir' i d'shuí, a fhir a' tí
Cuir ort do bhríste is do hata,
Go gcoinni tú ceol leis a'duine cóir,
A bheas ag ól anseo go maidin"

Curfá: Níl 'na lá srl.

Nach mise féin an fear gan chéill
A d'fhág mo chíos i mo scórnach?
D'fhág mé léan orm féin,
Is d'fhág mé séan ar dhaoine eile

Curfá: Níl 'na lá srl.

"Tá do bhairille ar a cheann
'S ní fheicim ann ach dríodar deascaidh;
Tá mo choróin ar an mbord
Is béam ag ól go dtiocfa' 'n mhaidin

Curfá: Níl 'na lá srl.

ÓRÓ MO BHÁIDÍN

Crochfa' mé seolta 'gus gabhfa' mé siar,
Ó-ró! mo churaichín ó!
'S go hoíche Fhéil' Eoin ní thiocfá' mé 'niar,
Ó-ó-ró mo bháidín!

Curfá: Ó-ró mo churaichín ó!
Ó-ró! mo bháidín
Ó-ó-ró! mo churaichín ó!
'S ó-ó-ró! mo bháidín!

'S nach breá í mo bháidín ag snámh ar an gcuan,
Óró mo churaichín ó,
'S na céaslaí á dtarraingt go láidir 's go buan,
Ó-ó-ró mo bháidín!

Curfá: Ó-ró mo churaichín ó! srl.

'S nach éachtach a léimneach thar thonnta ard?
Óró mo churaichín ó,
'S nach éadrom í 'iompar aníos thar an trá?
Ó-ó-ró mo bháidín!

Curfá: Ó-ró mo churaichín ó! srl.

'S nach lúfar í 'g iomramh soir agus siar,
Óró mo churraichín ó,
A sárú ní bhfaighidh tú ó Árainn go Cliair,
Ó-ó-ró mo bháidín!

Curfá: Ó-ró mo churraichín ó! srl.

ÓRÓ, 'SÉ DO BHEATHA 'BHAILE

Curfá: Óró, 's é do bheatha 'bhaile,
Óró, 's é do bheatha 'bhaile,
Óró, 's é do bheatha 'bhaile,
Anois ar theacht an tsamhraidh

'Sé do bheatha a bhean ba léanmhar!
B'é ár gcreach tú bheith i ngéibheann
Do dhúiche bhreá i seilbh méirleach
Is tú díolta leis na Galla

Curfá: Óró, 's é do bheatha 'bhaile srl.

Tá Gráinne Mhaol ag teacht thar sáile,
Óglaigh armtha léi mar gharda,
Gaeil iad féin is ní Gaill ná Spáinnigh,
Is cuirfidh siad ruaig ar Ghalla

Curfá: Óró, 's é do bheatha 'bhaile srl.

A bhuí le Dia na bhFeart má dhearcam -
Mura mbím beo 'na dhiaidh ach seachtain -
Gráinne Mhaol is míle gaiscíoch
A' fógairt fáin ar Ghalla'.

Curfá: Óró, 's é do bheatha 'bhaile srl.

PEIGÍN LEITIR MÓIR

Curfá: Ó goirm goirm í,
Agus goirm í, mo stór
Míle grá le m'anam í
'S í Peigín Leitir Móir

Éirigh suas a Pheigín,
Agus seas ar bharr an aird
Comhair do chuid bullán,
Agus féach a' bhfuil siad ann

Curfá: Ó goirm goirm í srl.

Tá Bríd agam 's tá Cáit agam
'S í Peig an bhean is fearr;
Cibé fear a gheobhas í,
Nach air a bheas an t-ádh!

Curfá: Ó goirm goirm í srl.

Chuir mé scéala siar chuici
Go gceannóinn di bád mór;
'S é 'n scéala 'chuir sí aniar chugam
Go ndéanfadh leathbhád seoil

Curfá: Ó goirm goirm í srl.

Tá iascairí na Gaillimhe
Ag teacht anoir le cóir.
Le solas gealaí gile
Nó go bhfeicfidís an tseoid

Curfá deiridh:
'S ó goirm, goirm í
'Gus goirm í mo stór;
Míle grá le m'anam í -
Is gearr go mbeidh sí mór!

TRASNA NA dTONNTA

Curfá: Trasna na dtonnta 'dul siar,' dul siar!
Slán leis an uaigneas is slán leis an gcian!
Geal é mo chroí agus geal í an ghrian!
Geal bheith ag filleadh go hÉirinn!

Chonac mo dhóthain de thíortha i gcéin,
Ór agus airgead, saibhreas an tsaoil.
Éiríonn an croí 'nam le breacadh gach lae
'S mé 'g druidim le dúthaigh mo mhuintir' agus...

Curfá: Trasna na dtonnta 'dul siar,' dul siar srl.

Muintir an iarthair 's iad cairde mo chroí;
Fáilte 'gus fiche beidh romham ar gach taobh;
Ar fhágaint an tsaoil seo 'sé guím ar an Rí:
Gur leosan a shínfear i gcré mé agus...

Curfá: Trasna na dtonnta 'dul siar,' dul siar srl.

Ag breathnú siar ar laethanta aeracha na h-óige is beag duine nach féidir véarsa no dhó des na dánta agus des na hamhráin a d'fhoghlaim siad ar scoil a thabhairt chun cuimhne.

Cruthaíonn an cumha a chuireann amhráin cosúil le *'Trasna na dTonnta'* agus *'Beidh Aonach Amárach'* agus dánta cosúil le *'Mise Raftairí'* ar dhaoine go raibh tionchar níos mó ag an nGaeilge orthu ná mar a shíleann siad, b'fhéidir.